

Scéim an Bhóthair N2 Cluain Tiobrad go dtí Teorainn Thuaisceart Éireann



Roghanna Conaire Bealaigh

Dara Comhairliúchán Pobail

Feabhra 2011

Scéim an Bhóthair N2 Cluain Tiobrad go dtí Teorainn Thuaisceart Éireann

Tá an N2 idir Cluain Tiobrad agus teorainn Thuaisceart Éireann ina chuid de nasc straitéiseach a dhéanann fónamh ar Dhoire agus ar an Iarthuaisceart, a sholáthraíonn Drochleibhéal Seirbhíse d'úsáideoirí faoi láthair agus a bhfuil codanna bóthair faoi bhun caighdeán ann lena mbaineann drochthuaisceart sábháilteachta. Tugtar breach-chuntas in Iompar 21 agus sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 ar an riachtanas atá ann feabhas a chur ar an N2 mar nasc straitéiseach.

Cuspóirí Comhairliúcháin

Ag leanúint ar aghaidh ón gcomhairliúchán pobail a reáchtáladh i Mí Iúil 2010 (Roghanna Conaire Bealaigh), aithníodh roinnt leasuithe ar na roghanna conaire bealaigh a moladh roimhe sin. Is iad príomhchuspóirí an chomhairliúcháin pobail seo:

- Roghanna conaire bealaigh forbartha, atá molta chun meastóireacht a dhéanamh orthu, a chur i láthair don phobal;
- Béim a leagan ar na leasuithe a rinneadh ar roghanna conaire bealaigh tar éis an chomhairliúcháin i Mí Iúil 2010;
- Cead a thabhairt don phobal aiseolas a thabhairt agus tráchtanna a dhéanamh ar chodanna leasaithe de na roghanna conaire bealaigh;
- Eolas an phobail ar an Scéim a chothú agus a mhéadú;
- Béim a leagan ar phríomhthosca a chuirtear san áireamh agus an Rogha Conaire Bealaigh á roghnú;
- Míniú a thabhairt ar cad a tharlóidh ina dhiaidh sin.

An t-eolas a cuireadh ar taispeántas ag an imeacht comhairliúcháin, beifear in ann amharc air agus é a íoslódáil freisin ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin www.monaghan.ie.

Forbairt Roghanna Conaire Bealaigh

Forbraítear conairí bealaigh mar chuid de phróiseas roghnú bealaigh thrí chéim a dtugtar breac-chuntas air sna Treoirínte Bainistíochta Tionscadal (2010) de chuid an Údaráis um Bóithre Náisiúnta (ÚBN):

- Céim 1 – Measúnú ar Réamhroghanna
- Céim 2 – Meastóireacht Tionscadail ar Roghanna Bealaigh
- Céim 3 – Rogha Conaire Bealaigh a Roghnú

Is é cuspóir an phróisis seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar chonairí indéanta bealaigh ag leibhéal mhéadaithe mionsonraí chun Rogha Conaire Bealaigh a roghnú don Scéim.

Rinneadh dul chun cinn maidir le forbairt roghanna conaire bealaigh agus aird á tabhairt ar na nithe seo a leanas:

- An t-aiseolas a fuarthas ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara tar éis an chruinniú chomhairliúcháin pobail i Mí Iúil 2010; agus
- Eolas comhshaoil, pleanála agus tráchta níos mionsonraithe a bheith ar fáil tar éis staidéar breise a dhéanamh.

Mar thoradh ar seo, caolaíodh ar an méid roghanna conaire bealaigh go dtí 3 príomhchonair (a thaispeántar i mBuí, Glas agus Dearg) i dteannta le 6 rogha breise conaire comhshuite a táirgeadh trí naisc thrasacha (a thaispeántar i gCorcra).

Déan scrúdú le do thoil ar na roghanna conaire bealaigh forbartha a thaispeántar lastall agus ar an eolas a chuirtear ar taispeántas. Má chuireann na leasuithe isteach ort, cuir do thuairimí in iúl le do thoil. Úsáidtear dais-teorainn Dhubh chun na limistéir conaire a baineadh a léiriú agus úsáidtear teorainn sholadach Bhán chun na limistéir conaire a cuireadh leis a thaispeántas.

Buntáistí na Scéime

Tríd an Scéim seo:

- Bainfear Leibhéal Seirbhíse níos fearr amach trí shábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus trí amanna taistil a laghdú;
- Laghdófar brú tráchta agus méideanna tráchta, go háirithe i Scairbh na gCaorach agus thart timpeall ar Bhaile Mhuineacháin;
- Cuirfear feabhas ar an mbealach idir Dún na nGall, Muineachán agus Baile Átha Cliath, ag déanamh éascaíochta do ghnó, trádáil agus turasóireacht; agus
- Cuirfear feabhas ar na naisc idir Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann.

Forbairt Roghanna Conaire Bealaigh

Tosaíonn na roghanna conaire bealaigh go léir leis an timpeallán atá ann cheana féin ar an N2 ag Cluain Tiobrad, i mbaile fearainn Choill Cró, agus críochnaíonn siad ar an N2 atá ann cheana féin ag teorainn Thuaisceart Éireann ar an taobh ó dheas d'Achadh na Cloiche.

Forbairt na Conaire Bealaigh Buí

Leasaíodh an Chonair Bealaigh Bhuí chun dul thar Tyholland níos faide siar, ag tosú in aice le baile fearainn Thír Bhreithimh agus ag filleadh ansin ar an mBunchoir Bhuí ag Tír Chabhra. Téann an chonair seo trí Nód NP04 ag Cúil Dabhcha anois, a bhí suite roimhe sin i Liatroim.

Leasaíodh an Chonair Bealaigh Bhuí idir Lios Cuach agus Tamhnaigh Sheandúine freisin chun dul thar Glasloch níos faide siar, trí bhaile fearainn Achadh na gCeap. Aistríodh Nód NP07 ó dheas, ó Lios Cuach go dtí an Mullach Bán, aistríodh Nód NP10 ó nGleannán go dtí Achadh na gCeap agus aistríodh Nód NP11, suite ar an gConair Bealaigh Ghlas, ó Thír na Móna go dtí Port an Achaidh.

Is iad seo a leanas na bailte fearainn nua a cuireadh leis an gConair Bealaigh Bhuí tar éis forbairt a dhéanamh uirthi; Cúil Dabhcha, Táite Mhuileann an Úcaire agus Tulaigh Dhomhnaigh in aice le Tyholland agus Tulaigh Challóg, Achadh na gCeap, An Srath Mór agus An Díséart in aice le Glasloch.

Is iad seo a leanas na bailte fearainn a baineadh as an gConair Bealaigh Bhuí tar éis forbairt a dhéanamh uirthi; Cluain Catha, Droim Bannchair, An Glennán, Leacht Lonagáin, Doire Chuais agus Mullach Lis in aice le Glasloch.

Forbairt na Conaire Bealaigh Glaise

Leasaíodh an Chonair Bealaigh Ghlas, idir Nóid NP01 agus NP02, chun dul thar Caisleán an tSiáin níos faide siar, idir na bailte fearainn An Chraobh agus Corr Mhurchaidh. Nód NP02, suite go díreach ar an taobh ó thuaidh den N2 atá ann cheana féin, aistríodh soir ó dheas ó Achadh an Bhroic é go dtí Corr an Sceallaidh.

Is iad seo a leanas na bailte fearainn a cuireadh leis an gConair Bealaigh Ghlas tar éis forbairt a dhéanamh uirthi; Achadh na gCeap, Corr Dhuibhlis agus An Droim Mór in aice le Caisleán an tSiáin.

Is iad seo a leanas na bailte fearainn a baineadh as an gConair Bealaigh Ghlas tar éis forbairt a dhéanamh uirthi; Lios Rátha Éignigh agus Corr Mhullinn in aice le Caisleán an tSiáin.

Forbairt na Conaire Bealaigh Deirge

Leasaíodh an Chonair Bealaigh Dhearg chun dul thar na bailte fearainn Droim Ruathach agus Lios Cearnaigh níos faide soir agus aistríodh Nód NP03, suite roimhe sin ag Cúil Mhóil, níos faide siar ó thuaidh chuig an baile fearainn An Mullach Breac suite díreach soir den N2 atá ann cheana féin. Mar thoradh ar Nód NP03 a aistriú baineadh timpeall is 4.5km as an gConair Bealaigh Dhearg agus aistríodh chuig an gConair Bealaigh Ghlas é le leasú ar an nasc conaire trasach idir Nód NP02 agus NP03. Ina theannta sin, baineadh an nasc trasach idir NP06 agus NP09.

Rinneadh leasú breise ar an gConair Bealaigh Dhearg ar an taobh ó thuaidh de Scairbh na gCaorach chun dul trasna an N2 atá ann cheana féin ag Cnoc Chiarabhain agus ag Leanach agus leanúint ar aghaidh soir ó thuaidh chomh fada leis an mbaile fearainn Coill Eanlaith go dtí go dtagann sí le chéile leis an gConair Bealaigh Ghlas ag Croim Chonrach agus leis an gConair Bealaigh Bhuí ag Coillidh Dhonnchaidh in aice le Nód NP14.


Is iad seo a leanas na bailte fearainn a cuireadh leis an gConair Bealaigh Dhearg tar éis forbairt a dhéanamh uirthi; Lios na nDeoraí le taobh an N12 agus Coill na gCaor ar an taobh thuaidh de Scairbh na gCaorach.

Is iad seo a leanas na bailte fearainn a baineadh as an gConair Bealaigh Dhearg tar éis forbairt a dhéanamh uirthi; Lios Dhroim Dabhach, Fiodh Bán, Coill Ó Mearlaigh, Cúil Mhóil, Achadh na Séadach, Lios Carnaí, Droim Ruatach, Cnoc an Chonnaidh agus Éadan an Oileáin idir Caisleán an tSiáin agus An Mullach Breac. Baineadh na bailte fearainn seo a leanas aisti freisin: An Seanchuach, Coillidh Chorráin, Mullach Bhriain agus Doire Chinn Aird, suite le taobh an N2 lastuaidh de Scairbh na gCaorach.

Forbairt na Conaire Bealaigh Gorma



Baineadh an Chonair Bealaigh Ghorm idir Nóid NP13 agus NP15 chomh maith leis an nasc conaire trasach idir Nód NP12 agus NP13 agus ní dhéanfar scrúdú breise orthu le linn na Meastóireachta Chéim 2.

Is iad seo a leanas na bailte fearainn a baineadh tar éis forbairt a dhéanamh ar an gConair Bealaigh Ghorm; Droim Madagáin, Coillidh Bhreasail, Lios Bhearga, Lios Gníomha, An Cuircin, Achadh Lios Caomháin, Áth an Tí Duibh, Mullach Bhriain, An Glasmhullach, Doire na Muc, Moin Anketell, Gort an tSléibhe, Doire na Cú, Mullach Chorráin, An Ghléib, Mullach na Croise agus Garfean, ar an taobh thiar den N2 atá ann cheana féin agus suite idir Scairbh na gCaorach agus teorainn Thuaisceart Éireann.




© Suirbhéireacht Ordnáis Éireann. Gach ceart ar cosaint.
Uimhir Cheadúnais 2008/10 CCMA/Comhairle Contae Mhuineacháin

EOCHAIR EOLAIS

- 1** Cluain Tiobrad
Clontibret
- 2** Muineachán
Monaghan
- 3** Scairbh na gCaorach
Emyvale
- 4** Glasloch
Glaslough
- 5** Achadh na Cloiche
Aughnacloy
- NP** Nódphointe
-  Limistéir Conaire Bealaigh a Baineadh
-  Limistéir Conaire Bealaigh a Cuireadh Leis

Cad a tharlóidh ina dhiaidh sin?



Nuair a bheidh críoch curtha leis an tréimhse comhairliúcháin seo, cuirfear an mhonatóireacht conaire bealaigh mhionsonraithe ar aghaidh - déanfar measúnú ar na conairí bealaigh a chuirtear i láthair anseo de réir an mhodha Meastóireachta Tionscadal Chéim 2, ag úsáid na 5 chritéir choitianta meastóireachta:

- Geilleagar;
- Sábháilteacht;
- Timpeallacht;
- Inrochtaineacht & Cuimsiú Sóisialta; agus
- Lánpháirtíú.

Tá sé leagtha amach an Rogha Conaire Bealaigh a roghnú i lár na bliana 2011 agus nuair a bheidh sé seo déanta, reáchtálfar taispeántas poiblí chun baill den phobal a chur ar an eolas. Ní foláir béim a leagan air go bhféadfadh an Rogha Conaire Bealaigh bheith ar cheann de na conairí bealaigh atá molta, bheith comhdhéanta de chodanna de níos mó ná rogha bealaigh amháin nó bheith ina chonaire forbartha lena mbaineann rogha amháin nó níos mó.

Tá do Thuairimí Tábhachtach

Ba mhaith le Comhairle Contae Mhuineacháin scrúdú a dhéanamh ar na dearcthaí go léir a bhaineann leis na limistéir leasaithe a thaispeántar i bhforbairt na roghanna conaire bealaigh. Is féidir leat an bhileog tráchta i gcuideachta leis seo a chomhlíonadh nó is féidir leat scríobh chuig an seoladh a thaispeántar thíos faoin 11ú Márta 2011, ag úsáid an chlúdaigh saorpoist a chuirtear ar fáil.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil na tráchtanna agus na haighneachtaí go léir a bhfuarthas le linn na tréimhse aiseolais, tar éis na himeachta i Mí Iúil 2010, fós bailí. Ní gá, mar sin, na tráchtanna seo a chur isteach arís.

Seo deis duitse chun páirt a ghlacadh i bpleanáil Scéim an Bhóthair N2 Cluain Tiobrad go dtí Teorainn Thuaisceart Éireann agus bheifí buíoch díot as an méid ama a chaithfeá ar do thuairimí a chur in iúl. Déanfar scrúdú mionsonraithe ar na tráchtanna agus ar na haighneachtaí a nglacfar leo.

Is taifead poiblí iad na haighneachtaí go léir a nglactar leo agus, mar sin, is féidir le haon bhall den phobal na haighneachtaí a rochtain agus iniúchadh a dhéanamh orthu faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003. Déantar soláthar san Acht, áfach, nach bhféadfaí taifead dá leithéid a nochtadh agus nach bhféadfaí rochtain a bheith air, má tá socrú ann idir an t-údarás áitiúil agus tú féin, go gcuirtear an t-eolas ar fáil faoi rún agus go gcaitear leis mar eolas faoi rún. Más mian leat go nglacfaí le d'aighneacht mar seo, cuir é seo in iúl go soiléir le do thoil ag úsáid an roghbhosca a chuirtear ar fáil ar an mbileog tráchta.



Fiosrúcháin Bhreise

Is féidir na fiosrúcháin, ceistiúcháin nó tráchtanna go léir a bhaineann leis an tionscadal seo a chur chuig:

Con McCrossan
Comhairle Contae Mhuineacháin
An Roinn Bóithre (N2 Cluain Tiobrad go dtí Teorainn Thuaisceart Éireann),
Foirgneamh Mtek 2,
Cnoc an Chonnaidh,
Muineachán,
Contae Mhuineacháin
Teileafón: +353 (0)47 30558